Seachtain na Gaeilge 2019

Seal le Dánta

Léamh Beag Filíochta

Leabharlann an Daingin, Déardaoin 14 Márta, 6.45 i.n.

Dairena Ní Chinnéide
I measc na gcnuasach filíochta léi a foilsíodh go dtí seo tá "An Trodaí & Dánta Eile/The Warrior & other Poems" (2006), "Poll na mBabies" (2008), agus "Cloithear: Aistear Anama" (2013). Ar na gradaim atá buaite aici, tá an Patrick & Katherine Fellowship in 2016.

Eibhlín Uí Iarlaithe
Rugadh i mBaile an Chalaidh, mhúin i mBÁC agus ar feadh 17 mbliain i Scoil Mhaoilchéadair. Údar dhá leabhar filíochta do pháistí, "Na Buataisí Buí" (2009) agus "Mo Ghúna Síoda Buí" (2010), agus trí scéal do leanaí sa tsraith *Orla Uan*. Is mó duais Oireachtais bainte ag iomaitheoirí lúibíní agus agallamha beirte le hábhar a chum Eibhlín dóibh.

Ceaití Ní Bheildiúin
Tá Ceaití ina cónaí i gCorca Dhuibhne le nach mór fiche bliain, agus is anseo a thosaigh sí ag cumadh filíochta. Is iad "An Teorainn Bheo" (2007), "Púca gan Dealramh" (2010) agus "Meirge an Laoich" (2013) na cnuasaigh léi atá foilsithe go dtí seo, agus bhuaigh a cnuasach neamh-fhoilsithe "Agallamh sa Cheo" príomhdhuais filíochta an Oireachtais in 2018.

Peadar Ó hUallaigh
As Cluain Meala ó dhúchas do Pheadar, ach chaith sé na seascaidí ina dhéagóir i mBaile Átha Cliath. Is i gCorca Dhuibhne atá sé lonnaithe le breis agus tríocha bliain. Foilsíodh a chéad chnuasach, "Tír Tairngire", in 2009 Foilsíodh "Soilse an Chroí" in 2011 agus "Tráth na Táirsí" in 2016. Is ceoltóir traidisiúnta chomh maith é.

Leabharlann Chiarraí Kerry Library

Ócáid d'imeachtaí Leabharlanna Chontae Chiarraí, le tacaíocht ón bhFéile Bheag Filíochta